Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3497

29.5.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11521 — DKV MOBILITY GROUP / SMART DIESEL / TAX REFUND)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/3497)

1. An 21 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— DKV Mobility Group ('DKV Mobility', an Ghearmáin), atá faoi rialú deiridh Jan Fischer

— Smart Diesel S.R.L. ('Smart Diesel', an Rómáin), atá faoi rialú comhpháirteach DKV Mobility Group agus Ovidiu-Ioan Andrieș (trí Smart Invest Holdco S.A.),

— Tax Refund S.R.L. ('Tax Refund', an Rómáin), atá faoi rialú comhpháirteach DKV Mobility Group agus Ovidiu-Ioan Andrieș (trí Smart Invest Holdco S.A.).

Gheobhaidh DKV Mobility rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Smart Diesel agus Tax Refund ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá DKV Mobility Group gníomhach go príomha i ndíol cártaí breosla le haghaidh gnáthbhreosla, breoslaí malartacha agus cártaí luchtaithe leictreacha d'fheithiclí leictreacha; cuireann sé réitigh íocaíochta dolaí ar fáil freisin, réitigh shoghluaisteachta (i.e. páirceáil, seirbhís císa, deisiú feithiclí, agus réitigh dhigiteacha nuálacha, i measc nithe eile) agus soláthar seirbhísí aisíocaíochta cánach CBL agus cánacha eile,

— Tá Smart Diesel gníomhach in eisiúint agus athdhíol cártaí breosla agus i soláthar seirbhísí íocaíochta dolaí bóthair,

— Tá Tax Refund gníomhach i seirbhísí aisíocaíochta CBL agus cánacha eile.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11521 — DKV MOBILITY GROUP / SMART DIESEL / TAX REFUND

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË